*Dé Céadaoin*, 5 *Aibreán,* 2006
*Wednesday, 5th April,* 2006

10.30 a.m.

## ORD GNÓ
## ORDER OF BUSINESS

**12.** (*l*) An Bille fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2004 *athraithe ó* An Bille fán Údarás um Thástáil agus Caighdeáin do Thiománaithe 2004 — An Tuarascáil (*Leasú* 6, *atógáil*).
(*a*) Road Safety Authority Bill 2004 *changed from* Driver Testing and Standards Authority Bill 2004 — Report (*Amendment* 6, *resumed*).

**13.** (*l*) An Bille um Cheadanna Fostaíochta 2005 — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Employment Permits Bill 2005 — Order for Report.

**14.** Ráitis maidir le Sellafield.
Statements on Sellafield.

## GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
## PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

**28.** An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).
Residential Tenancies (Amendment) Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).

## FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
## NOTICE OF NEW BUSINESS

**11*a*.** Tairiscint *maidir le* Róta na nAirí i gcomhair Ceisteanna Parlaiminte.
Motion *re* Ministerial Rota for Parliamentary Questions.

**11*b*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Tuarascáil ón Aire Cosanta de bhun alt 4 den Acht Cosanta (Leasú) 1993.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of a Report by the Minister for Defence pursuant to section 4 of the Defence (Amendment) Act 1993.

P.T.O.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

**11*a*.** ''D'ainneoin aon ní i Rún an 6 Meitheamh, 2002, ón Dáil inar leagadh amach an róta ar dá réir a chuirfear Ceisteanna chun comhaltaí den Rialtas, go ndéanfar Ceisteanna le haghaidh freagra ó bhéal, a leanfaidh iad sin is neasa a bheidh curtha síos don Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí, a chur síos d'Airí san ord sealadach seo a leanas:

An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

An tAire Iompair

agus air sin leanfar den ord a bunaíodh le Rún an 6 Meitheamh, 2002, le Ceisteanna chun an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

That, notwithstanding anything in the Resolution of the Dáil of 6th June, 2002, setting out the rota in which Questions to members of the Government are to be asked, Questions for oral answer, following those next set down to the Tánaiste and Minister for Health and Children, shall be set down to Ministers in the following temporary sequence:

Minister for Justice, Equality and Law Reform

Minister for Transport

where upon the sequence established by the Resolution of 6th June, 2002, shall continue with Questions to the Minister for the Environment, Heritage and Local Government.''

*— Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

---

**11*b*.** ''Go gceadaíonn Dáil Éireann an tuarascáil ón Aire Cosanta de bhun Alt 4 den Acht Cosanta (Leasú) 1993, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 4 Aibreán, 2006.

That Dáil Éireann approves the report by the Minister for Defence pursuant to Section 4 of the Defence (Amendment) Act 1993, copies of which were laid before Dáil Éireann on 4th April, 2006.''

*— An tAire Cosanta.*

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**12.** (*l*) An Bille fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2004 *athraithe ó* An Bille fán Údarás um Thástáil agus Caighdeáin do Thiománaithe 2004 — An Tuarascáil (*Leasú* 6, *atógáil*).

(*a*) Road Safety Authority Bill 2004 *changed from* Driver Testing and Standards Authority Bill 2004 — Report (*Amendment* 6, *resumed*).

---

**13.** (*l*) An Bille um Cheadanna Fostaíochta 2005 — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Employment Permits Bill 2005 — Order for Report.

---

**14.** Ráitis maidir le Sellafield.
Statements on Sellafield.

---

## GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
## PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

*Bille (atógáil) (1 ur. 30 n. fágtha):*
*Bill (resumed) (1 hr. 30 m. remaining):*

**28.** An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).
Residential Tenancies (Amendment) Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).
— *Fergus O'Dowd.*

*Leasú ar an Tairiscint don Dara Léamh (atógáil):*
*Amendment to Motion for Second Reading (resumed):*

*1.* ''To delete 'now' and to add at the end of the motion 'this day nine months'.''.
— *An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.*

---

## MEMORANDA

*Dé Céadaoin, 5 Aibreán,* 2006
*Wednesday, 5th April,* 2006

Cruinniú den Chomhchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Enterprise and Small Business in Committee Room 3, LH2000, at 9.30 a.m.

---

**An Bille um Cheartas Coiriúil 2004:**
**Criminal Justice Bill 2004:**
Cruinniú den Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights in Committee Room 2, LH2000, at 9.30 a.m.

---

**Meastacháin (Oifig na nOibreacha Poiblí):**
**Estimates (Office of Public Works):**
Cruinniú den Roghchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 11.30 a.m.
Meeting of the Select Committee on Finance and the Public Service in Committee Room 4, LH2000, at 11.30 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 12 meán lae.
Meeting of the Joint Committee on European Affairs in Committee Room 3, LH2000, at 12 noon.

---

**An Bille um Cheartas Coiriúil 2004:**
**Criminal Justice Bill 2004:**
Cruinniú den Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 2 p.m.
Meeting of the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights in Committee Room 2, LH2000, at 2 p.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Iompar i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 2 p.m.
Meeting of the Joint Committee on Transport in Committee Room 1, LH2000, at 2 p.m.

---

**Meastacháin (Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha):**
**Estimates (Communications, Marine and Natural Resources):**

Cruinniú den Roghchoiste um Chumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 2.30 p.m.

Meeting of the Select Committee on Communications, Marine and Natural Resources in Committee Room 3, LH2000, at 2.30 p.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Thalmhaíocht agus Bia i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 3 p.m.

Meeting of the Joint Committee on Agriculture and Food in Committee Room 4, LH2000, at 3 p.m.

---

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) An Ciste Árachais Shóisialaigh. Cuntais, 2004 mar aon leis an Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu.

2) Ráitis i leith Comhairleora Speisialta don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha de réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 [2005] [31 Márta, 2006].

3) Tuarascáil do Dháil Éireann ón Uas. Liam Ó Deaghaidh, T.D., Aire Cosanta, maidir le Seirbhís ag Óglaigh na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe i 2004.

*Statutory:*

1) Social Insurance Fund. Accounts, 2004 together with the Report of the Comptroller and Auditor General thereon.

2) Statements in respect of Special Adviser to the Minister for Communications, Marine and Natural Resources in accordance with the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001 [2005] [31 March, 2006].

3) Report to Dáil Éireann by Mr. Willie O'Dea, T.D., Minister for Defence regarding Service by the Defence Forces with the United Nations in 2004.

*Neamhreachtúil:*

1) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Chomhshaol agus Rialtas Áitiúil. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 10: COM (2005) 447: Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh agus maidir le hAer Níos Glaine don Eoraip. Márta, 2006.

2) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Chomhshaol agus Rialtas Áitiúil. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 16: COM (2003) 23: Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comhrialacha le haghaidh scéimeanna tacaíochta dírí faoin gcomhbheartas talmhaíochta (CAP) agus scéimeanna tacaíochta do tháirgeoirí barr áirithe. Márta, 2006.

3) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Chomhshaol agus Rialtas Áitiúil. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 17: COM (2003) 370: Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (EURATOM) Uimh. 2587/1999 lena mínítear na tionscadail infheistíochta atá le cur

*Non-Statutory:*

1) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Environment and Local Government. EU Scrutiny Report No. 10: COM (2005) 447: Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council on Ambient Air Quality and Cleaner Air for Europe. March, 2006.

2) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Environment and Local Government. EU Scrutiny Report No. 16: COM (2003) 23: Directive of the European Parliament and of the Council establishing common rules for direct support schemes under the common agricultural policy (CAP) and support schemes for producers of certain crops. March, 2006.

3) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Environment and Local Government. EU Scrutiny Report No. 17: COM (2003) 370: Proposal for a Council Regulation amending Regulation (EURATOM) No. 2587/1999 defining the investment projects to be communicated to

in iúl don Choimisiún de réir Airteagal 41 den Chonradh ag Bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach. Márta, 2006.

the Commission in accordance with Article 41 of the Treaty establishing the European Atomic Energy Community. March, 2006.

4) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Chomhshaol agus Rialtas Áitiúil. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 18: COM (2005) 705: Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha do rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i gcaingne faoin Seachtú Creat-Chlár agus le haghaidh scaipeadh torthaí taighde (2007-2013). Márta, 2006.

4) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Environment and Local Government. EU Scrutiny Report No. 18: COM (2005) 705: Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council laying down the rules for the participation of undertakings, research centres and universities in actions under the Seventh Framework Programme and for the dissemination of research results (2007-2013). March, 2006.

5) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Chomhshaol agus Rialtas Áitiúil. Tuarascáil Iniúchta AE Uimh. 19: COM (2005) 284: Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le táirge arbhair Indiaigh (Zea mays L., líne 1507), atá géinmhodhnaithe i gcomhair frithsheasmhachta in aghaidh lotnaidí féileacánacha áirithe agus i gcomhair fulaingthe ar an luibhicíd glufoisfionáit-amóiniam, a chur ar an margadh, de réir Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Márta, 2006.

5) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Environment and Local Government. EU Scrutiny Report No. 19: COM (2005) 284: Proposal for a Council Decision concerning the placing on the market, in accordance with Directive 2001/18/EC of the European Parliament and of the Council, of a maize product (Zea mays L., line 1507) genetically modified for resistance to certain lepidopteran pests and for tolerance to the herbicide glufosinate-ammonium. March, 2006.

6) Na Rialacha Cúirte Cuarda (Dlínse i gCúrsaí Pósta agus i gCúrsaí Freagrachta Tuismitheoirí) 2006 (I.R. Uimh. 143 de 2006).

6) Circuit Court Rules (Jurisdiction in Matrimonial Matters and Matters of Parental Responsibility) 2006 (S.I. No. 143 of 2006).

7) Tuarascáil do Chléireach na Dála ón Onórach, an Breitheamh Peter Smithwick, i ndáil le ‘‘Binse Smithwick’’. (20 Márta, 2006).

7) Report to the Clerk of the Dáil from His Honour Judge Peter Smithwick in relation to ‘‘The Smithwick Tribunal’’. (20 March, 2006).

---

Wt. 15950. 554. 4/06. Cahill. (X49237). Gr. 30-15.